C/2024/6215

16.10.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11650 - RIL / TWDC / BTS1 / SIPL)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/6215)

1. An 9 Deireadh Fómhair 2024 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Reliance Industries Limited ('RIL', an India),

— The Walt Disney Company ('TWDC', na Stáit Aontaithe),

— BTS Investment 1 Pte, Ltd. ('BTS1', Singeapór), faoi rialú deiridh James Murdoch (na Stáit Aontaithe) agus Mr Uday Shankar (an India), agus

— Comhfhiontar nuachruthaithe, Star India Private Limited ('SIPL', an India).

Gheobhaidh RIL, TWDC agus BTS1 rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus Airteagal 3(4) den Rialachán um Chumaisc, ar SIPL ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna i gcuideachta nuachruthaithe ar comhfhiontar í.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is ilchuideachta ilnáisiúnta é RIL, atá gníomhach i roinnt gnólachtaí ar fud an domhain, lena n-áirítear (i) na meáin agus siamsaíocht (lena n-áirítear trína fhochuideachta Viacom18); (ii) taiscéalaíocht agus táirgeadh hidreacarbón; (iii) scagadh agus margú peitriliam; (iv) ardábhair agus ábhair chomhchodacha; (v) foinsí in-athnuaite fuinnimh (fuinneamh gréine agus hidrigin); (vi) soláthar seirbhísí miondíola agus digiteacha; agus (vii) soláthar seirbhísí teileachumarsáide,

— Is fiontar éagsúlaithe idirnáisiúnta meán agus siamsaíochta é TWDC a chumhdaíonn trí phríomhchuid ghnó: siamsaíocht, spóirt, agus eispéiris, agus atá liostaithe ar Stocmhalartán Nua-Eabhrac.

— Is infheisteoir é BTS1 i ndeiseanna teicneolaíochta le haghaidh tomhaltóirí san Áise Thoir Theas, agus béim ar leith á leagan ar an India.

3. Beidh an comhfhiontar, SIPL, gníomhach i ngnólachtaí siamsaíochta san India go príomha.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

M.11650 - RIL / TWDC / BTS1 / SIPL

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË